Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Aibreán 2023
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0411(COD)**

**7947/23**
**ADD 1**

**CODEC 523**
**IXIM 67**
**ENFOPOL 141**
**JAI 383**
**COMIX 158**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ostair**

Cuireann an Ostair i bhfios go láidir go dtacaíonn sí go hiomlán le comhar póilíneachta feabhsaithe agus le malartú faisnéise feabhsaithe idir údaráis forfheidhmithe dlí.

Ar an drochuair, sa téacs reatha tá forálacha a bhfuil deacrachtaí ag an Ostair ina leith. Is iad sin (1) an tréimhse athbhreithniúcháin faoi cheangal ama le haghaidh sonraí arna forordú sna córais náisiúnta bainistithe cásanna, a chuireann isteach go míchuí ar an inniúlacht reachtach náisiúnta, agus (2) go bhféadfaí bealaí cumarsáide a athrú le linn do mhalartú faisnéise a bheith ar siúl.

Is é tuairim na hOstaire go mbeidh obair phóilíneachta níos deacra mar thoradh ar na pointí sin agus go raibh sé de cheart iad a scriosadh. I bhfianaise an mhéid sin, staonann an Ostair.